# Na hImpleachtaí Cosanta Sonraí a Bhaineann leis an bPrótacal maidir le Filleadh go Sábháilte ar an Obair

An Coimisiún um Chosaint Sonraí
Data Protection Commission

San am i láthair, tá filleadh ar an obair ar bhonn céimnithe á gcur i bheidhm nó á ullmhú ag fostóirí agus fostaithe mar chuid den phlean oibre atá ag an Rialtas chun an tsochaí agus gnó a athoscailt. Chun tacaíocht a thabhairt d'fhostóirí agus d'fhostaithe leis an tionscnamh seo, d'fhoilsigh an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (DBEI) Prótacal maidir le Filleadh go Sábháilte ar an Obair ("an **Prótacal**") le déanaí. Chomh maith leis seo, d'fhoilsigh an DBEI treoir mhínitheach le tacú le fostaithe i gcás ina tharlaíonn próiseáil sonraí pearsanta mar thoradh ar cur i bhfeidhm na beart a mholann an Prótacal.

Is é aidhm na cáipéise treorach seo comhairle a thabhairt d'fhostóirí maidir le bearta an Phrótacail a chur i bfheidhm i mbealach a chloíonn lena n-oibleagáidí mar rialaitheoirí sonraí faoin GDPR agus faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018.

## Loga Rianaithe Teagmhálaithe

Molann an Prótacal go gcoimeádfaidh fostóirí loga d'obair teagmhála/obair ghrúpa chun rianú teagmhálaithe a éascú. Tugann treoir mhínithe an DBEI soiléiriú:

> *"A Log of Contact/Group Work should be maintained by Employers for Workers who are in close contact for extended periods of the work shift (e.g. working together in spaces where social distancing guidelines may be difficult to maintain). The meaning of close contact here should be based on guidance issued by the Public Health Authorities."*

Tugann treoir mhínithe an DBEI tuilleadh soiléirithe gurb é cuspóir an loga rianaithe teagmhálaithe éascaíocht a dhéanamh ar ghnásanna oifigiúla rianaithe teagmhálaithe an HSE agus bheith mar leid chuimhne d'fhostaithe chun faisnéis ábhartha a chur ar fáil maidir le gartheagmhálaithe i gcás diagnóise COVID-19. Níor cheart go bpróiséalfaidh fostóir sonraí pearsanta a choiméadtar i loga rianaithe teagmhálaithe de ghnáth le haghaidh aon cuspóir eile. Ba cheart d'fhostóirí fanacht amach ó fhaisnéis maidir le diagnóis COVID-19 fostaí a nochtadh le fostaithe eile. Ba cheart nach gcoimeádfar na sonraí níos faide ná mar is gá don chuspóir seo.

## Foirm um Fhilleadh ar an Obair

Molann an Prótacal go mbunfaidh agus go n-eiseoidh fostóirí foirm roimh fhilleadh ar an obair agus go líonfaidh fostaithe an fhoirm seo trí lá ar a laghad roimh an lá atá beartaithe acu filleadh ar an obair. Tugann treoir mhínithe an DBEI soléiriú ar chuspóir na foirme mar seo a leanas:

> *"The purpose of this Form is to highlight to Workers the symptoms of COVID-19 before they enter the Workplace and potentially put themselves or others at risk of infection, and to allow Employers to make informed decisions about employees' return to the workplace."*

Ba cheart go gcuirfear foirmeacha um fhilleadh ar an obair in oiriúint ionas nach mbaileoidh siad ach an fhaisnéis atá riachtanach chun an cuspóir thuasluaite a bhaint amach, agus de ghnáth níor cheart go bpróiseálfar iad le haghaidh aon cuspóirí eile. Molann treoir mhínithe an DBEI nach gcoimeádfar an fhoirm tar éis don fhostaí filleadh ar an ionad oibre.

## Tástáil Teochta

Molann an Prótacal go gcuirfidh fostóirí tástáil teochta i bhfeidhm "de réir comhairle Sláinte Poiblí". Chomh maith leis seo, tugtar an soiléiriú seo a leanas i dtreoir mhínithe an DBEI:

> *"This measure should only be introduced by Employers in line with Public Health advice. The recording of temperature checks with the names or images of Workers is not required. The purpose of taking a Worker's temperature is to let the Worker know if they have a raised temperature which is one of the symptoms of possible COVID-19 infection. Temperature testing should only be conducted in line with current public health advice."*

Níl an DPC ar an eolas faoi aon chomhairle le Sláinte Poiblí faoi láthair ina mholtar go gcuirfí tástáil teochta i bhfeidhm san ionad oibre. Dá réir sin, níor cheart smaoineamh ar thástáil teochta mar riachtanas den Phrótacal ag an am seo.

Má tá fostóirí ag smaoineamh ar thástáil teochta a chur i bhfeidhm mar bheart freagartha COVID-19, mar shampla, i gcomhthéacs ionaid oibre a bhfuil ard-riosca faoi leith ag baint leis agus mar fhreagra ar riosca faoi leith a aithníodh, caithfidh siad bheith in ann údar a thabhairt leis an gcúis go gcaitear tuilleadh próiseála a dhéanamh ar sonraí pearsanta chun an riosca a aithníodh a laghdú. Go hiondiúil, beidh comhairle na n-údarás sláinte poiblí, ón taobh seo de, mar phríomhghné nuair a déantar measúnú maidir le riachtanas agus comhréireacht beart dá leithéid a chur i bhfeidhm. I gcás ina bhfuil a leithéid de bheart á bplé, ba cheart d'fhostóirí smaoineamh an gá dóibh

Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí (DPIA) a dhéanamh sular ndéanfar aon sonraí pearsanta a phróiseáil maidir leis an mbeart. Tá tuilleadh faisnéise faoi Mheasúnaithe Tionchair ar Chosaint Sonraí le fáil anseo.

## Bunús Dlí le Próiseáil

Nuair a ndéantar sonraí pearsanta a phróiseáil, i gcomhthéacs na bearta a mholtar sa Phrótacal a chur i bhfeidhm nó i gcomhthéacs eile, caithfidh go mbeidh 'bunús dlí' ag fostóir leis an bpróiseáil seo a dhéanamh (i dtaca leis na roghanna a leagtar amach in Airteagal 6 GDPR). Nuair a ndéantar catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil cosúil le sonraí a bhaineann le sláinte fostaí, caithfidh go mbeidh fostóir in ann ceann de riachtanais Airteagail 9 GDPR a chomhlíonadh. Tá treoir mionsonraithe maidir le dlíthiúlacht próiseála le fáil anseo.

Ní dóigh gur bhunús dlí oiriúnach é toiliú don chuid is mó d'oibríochtaí próiseála maidir le sonraí fostaí san ionad oibre. Nuair nach bhfuil fíor-rogha ag fostaí sa scéal, mar shampla, toisc go ndéanfar a s(h)onraí pearsanta a phróiseáil maidir le beart a thugtar isteach chun cloí le hoibleagáid dlíthiúl nó chun críocha sláinte poiblí, níl fostaí in ann toiliú a dhiúltú, agus, dá réir sin, ní bunús dlí oiriúnach é toiliú don phróiseáil atá i gceist.

Tá oibleagáid dhlíthiúil ag fostóirí, faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ("an **tAcht 2005**"), chun sláinte agus sábháilteacht daoine aonair san ionad oibre a chinntiú. Is ceist í d'fhostóir aonair teacht ar na bearta le cur i bhfeidhm san ionad oibre chun go ndéanfar laghdú ar na rioscaí a aithníodh i dtaca le measúnú riosca. Nuair is gá sonraí pearsanta a phróiseáil chun beart a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh go mbeadh fostóir in ann brath ar Airteagal 6(1)(c) GDPR chun tacú leis an bpróiseáil, ach amháin má tá an phróiseáil riachtanach chun oibleagáidí an fhostóra de bhun an Achta 2005 a chomhlíonadh.

Nuair is gá catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil chun beart a chur i bhfeidhm, d'fhéadfadh go mbeadh fostóir in ann brath ar Airteagal 9(2)(b) GDPR chun tacú leis an bpróiseáil, ach amháin má tá an phróiseáil riachtanach chun a chuid oibleagáidí a chomhlíonadh sa réimse fostaíochta (ar nós na n-oibleagáidí ag eascairt faoin Acht 2005).

Nuair a meastar an dtabharfaidh Airteagal 6(1)(c) agus/nó Airteagal 9(2)(b) bunús dlí oiriúnach le sonraí pearsanta a phróiseáil i gcomhthéacs sláinte agus sábháilteachta, ba cheart d'fhostóirí cuimhneamh go mbeidh aon phróiseáil sonraí pearsanta teoranta don mhéid is gá chun na gcríoch a ndéantar iad a phróiseáil. Chomh maith leis seo, caithfear go gcomhlíonfaidh an phróiseáil gach prionsabal um chosaint sonraí mar leagtar amach in Airteagal 5 GDPR. Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil anseo maidir le feidhmiú na bprionsabal seo.

I gcúinsí ina ghníomhaíonn fostóirí faoi stiúir údarás sláinte poiblí, nó údaráis ábhartha eile nuair a ndéantar bearta náisiúnta le cosaint ar COVID-19, d'fhéadfaí go dtabharfaidh Airteagal 6(1)(e) agus Airteagal 9(2)(i) GDPR agus Alt 53 den Acht um Chosaint Sonraí 2018 cead do phróiseáil sonraí pearsanta, sonraí sláinte san áireamh, nuair a mheastar go bhfuil sé riachtanach agus comhréireach araon, agus má ndéantar cosaintí ábhartha a chur i bhfeidhm. I measc na gcosaintí seo, d'fhéadfaí go mbeidh teorannú le rochtain ar na sonraí, teorainneacha ama dochta le haghaidh léirscriosadh, agus bearta eile ar nós oiliúint foirne shásúil chun cearta fostaithe maidir le cosaint sonraí a chosaint.